# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2019**

## (Marcanna Iomlána: 300)

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| H1: | 270 - 300 |
| H2: | 240 - 269 |
| H3: | 210 - 239 |
| H4: | 180 - 209 |
| H5: | 150 - 179 |
| H6: | 120 - 149 |
| H7: | 90 - 119 |
| H8: | 0 - 89 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*
- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**1. Anuncio – FÚTBOL GAÉLICO EN MADRID**

**(2+2) + 2 + (2+2) mharc = 10 marc**

a. 150 ball (lena n-áirítear) **dhá cheann** díobh seo: fir, mná, leanaí **(2+2m)**

b. Ambasáid na hÉireann **(2m)**

c. (i) (Líon mór) malartuithe (scoile) le hÉirinn **(2m)**
(ii) (Tacaíocht ó) Éireannaigh a bhfuil cónaí orthu anseo/sa Spáinn. **(2m)**

**2. Diálogo – ENTREVISTA CON EL ESCRITOR IAN GIBSON**

**2 + (2+2) + (1+1) + (2+2) mharc = 12 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo:
Is i bhfoirm ghreannáin atá sé
(leabhar) grafaice
ina bhfuil 600 tarraingt **(2m)**

b. **Dhá cheann** díobh seo:
Dúnmharaíodh é
i mí Lúnasa na bliana 1936
le linn Chogadh Cathartha na Spáinne **(2+2m)**

c. Níl siad i dtaithí ar leabhair (a bhfuil 500 leathanach iontu) a léamh
agus tá siad dúghafa le gutháin phóca **(1+1m)**

d. Chreid sé gur cheart go mbeadh comhionannas ann do gach duine
sheas sé ar son/scríobh sé faoi dhaoine a bhí ar imeall na sochaí/
**trí cinn** díobh seo: mná, imircigh,
an lucht siúil agus daoine aeracha **(2+2m)**

**3. Diálogo – HABLANDO CON EL ACTOR CHILENO, PEDRO PASCAL**

**(2+2) + (1+1+1) + (2+2) + 3 mharc = 14 mharc**

a. Ba shóisialaithe iad a thuismitheoirí agus bhí orthu fágáil le linn na deachtóireachta (míleata) **(2+2m)**

b. (i) a bheith ar an trá **(1 m)**
(ii) labhairt lena athair **(1m)**
(iii) ithe lena chol cheathracha **(1m)**

c. chaith sé roinnt ama le Jaime/leis an bpóilín agus
bhí air tabhairt faoi oiliúint (ar feadh cúpla mí) le póilíní na Colóime **(2+2m)**

d. Tá i bhfad níos mó sa Cholóim ná cócaon amháin í ; (is tír) álainn (í)
agus tá go leor daoine ionraice ann **(3m)**

**4. Descriptivo – ESTUDIANTES ERASMUS EN ESPAÑA**

**3 + (1+2) + 2 + (1+1) mharc = 10 marc**

a. (Clár Eorpach a) chuireann ar chumas scoláirí bliain a chaitheamh ag staidéar in ollscoil Eorpach eile **(3m)**
[Tagann 40,000 scoláire Erasmus chun na Spáinne = 1m]

b. (i) ticéid eitilte
(ii) ranganna teagaisc príobháideacha (i Spáinnis)
mura bhfuil an Spáinnis ar a dtoil acu **(1+2m)**

c. Ní chumhdaíonn sé ach leath de na costais lóistín **(2m)**
[cuidíonn sé leat = 1m]

d. **Dhá cheann** díobh seo: (sásta) cíosanna níos airde a íoc/
fágann siad faoi dheireadh mhí an Mheithimh/
(go ginearálta) bíonn siad dea-bhéasach **(1+1m)**

**5. Descriptivo – EL PEÑON DE GIBRALTAR**

**(1+1) + 2 + (2+2) + 3 mharc = 11 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo: Béarla/ boscaí poist dearga/ siopaí éisc agus sceallóga **(1+1)**

b. **Ceann amháin** díobh seo: tiomáint ar thaobh na láimhe deise/
úsáidtear km/h do na luasteorainneacha **(2m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: Bíonn siad ag fánaíocht
tá siad dainséarach má bhíonn bia á iompar agat
tógfaidh siad uait é/ an bia uait (ar bhealach ionsaitheach)
agus gortóidh siad thú **(2+2m)**

d. Ní fhágfaidh na Briotanaigh Giobráltar go dtí go bhfágann na moncaithe **(3m)**

**6. El Tiempo**

**(3+3) + 3 + (1+1) mharc = 11 mharc**

a. (i) scamallach i bpáirteanna sa réigiún lárnach **(3m)**

(ii) báisteach ar an gcósta san iarnóin **(3m)**

b. gaoth láidir [1m] aduaidh [1m] luasanna idir 50 agus 60 km (in aghaidh na huaire) [1m] **(3m)**

c. **Cathain:** go luath ar maidin
**Cén áit**: an chuid is mó den tír/sna sléibhte **(1+1m)**

**7. Una Noticia – SE BUSCAN ACTORES PARA JUEGO DE TRONOS EN ESPAÑA**

**(2+1) + (1+1+1) + (1+1+1) + (1+2) mharc = 12 mharc**

a. Is sraith í a bhuaigh an líon is mó gradam i stair na teilifíse.
Is feiniméan cultúrtha (ón 21ú haois) é. **(2+1m)**

b. feirmeoirí, saighdeoirí, cócairí **(1+1+1m)**

c. €50, bia, iompar **(1+1+1m)**

d. a bheith ábalta marcaíocht agus a bheith ar fáil (don scannánaíocht) i mí na Nollag
agus i mí an Mheithimh na bliana seo chugainn **(1+2m)**

**10+12+14+10+11+11+12 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht dualgais – *Sin noticias de Gurb*** **(50 marc)**

**C. 1 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *escritora* **(3m)**
(b*) noticias* **(3m)**
(c) *responde* **(3m)**

**C. 2 3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) dúisím agus ní bhím in ann dul ar ais a chodladh. **(3m)**
(b) …ionas go mbeidh an t-árasán mar bhaile i ndáiríre... **(3m)**
(c) ... Bheadh deacracht agam cailín a fháil/ a aimsiú. **(3m)**

**C. 3 3 + 3 + 3 + 3 = 12 mharc**
**Aon 4 cinn** díobh seo:

- folúsghlantóir/húvar
- micreathonn (oigheann micreathonnach)
- iarann
- tóstaer
- friochtán (domhainfhriochtán)
- triomadóir gruaige **(3+3+3+3m)**

**C. 4 4 + 4 = 8 marc**

- an chomhla mhiotail a chur suas
- an meaisín caife a phlugáil isteach **(4+4m)**

**C. 5 4 + 4 + 4 = 12 mharc ar 3 phointe ábhartha ar bith.** **(12m)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta** **(50 marc)**

**'ME LLAMO NEUS, TENGO ESCLEROSIS MÚLTIPLE Y SOY CAPAZ DE TODO'**

**C. 1 2 + 2 + 6 + 6 + 4 = 20 marc**

(a) Thosaigh siad ag caoineadh. **(2m)**

(b) Ní bhíonn deis mar sin acu gach lá. **(2m)**

(c) Chuaigh siad ar thuras rothaíochta agus rinne siad caoga nó seasca ciliméadar.
Chuaigh siad ag snámh.
Chuaigh siad ag rith ar feadh cúpla uair gach lá. **(2+2+2m)**

(d) **Trí cinn** díobh seo: ní comhimreoir agus cara amháin é.
eisean a cuid súile anois.
tá muinín iomlán aici as i ngach ciliméadar a dhéanann sí.
tugann sé tacaíocht fhisiciúil agus intinne leanúnach di. **(2+2+2m)**

(e) Ionas go mbeadh níos mó daoine ar an eolas faoin ngalar
agus le léiriú go mbíonn neart leanaí ag fulaingt leis chomh maith **(2+2m)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *significaba* **(4m)**
(b) *aguantar* **(4m)**
(c) *el modo* **(4m)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) ...ní ghéillfeadh sí/ ní éireoidh sí as go deo... **(4m)**
(b) …dúshlán pearsanta **(4m)**
(c) ...aon duine a bhfuil aithne acu orm … **(4m)**

**C.4 6 mharc** **(6m)**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo]

**2.** **(a) agus (b) 2 + 2 + (3+3) + (2+2) + 3 + 3 = 20**

**(a) CUENTO MÁGICO DE IRLANDA EN EL MUNDIAL DE HOCKEY.** **(10 marc)**

(i) Cluiche ceannais an domhain a bhaint amach. **(2m)**

(ii) Tá siad in ann gach cluiche a imirt leis an meon go mbeidh an bua acu.
[d'éirigh go maith leo leis = 1m] **(2m)**

(iii) **Dhá cheann** díobh seo: cuireadh fáilte (roimh an bhfoireann) i mBaile Átha Cliath
chuir cúig mhíle lucht leanúna fáilte rompu
Ba shearmanas corraitheach/ mothúchánach é
Bhí go leor áthais ag baint leis. **(3+3m)**

**(b) ESTUDIAN Y TRABAJAN.** **(10 marc)**

(i) **Dhá cheann** díobh seo: chun airgead breise a thuilleamh
méadú i dtáillí ollscoile
(an costas a bhaineann le) hárasán mic léinn a choinneáil
le híoc as taisteal **(2+2m)**

(ii) **Ceann amháin** díobh seo: meas a bheith agat ar dhaoine eile
(cad is brí le) freagrachtaí a bheith ort **(3m)**

(iii) Freastal ar chliant agus boird a ghlanadh. **(3m)**

**ROINN B**

**EL LINCE IBÉRICO** **(100 marc)**

**C. 1** **3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a) *quedaban menos de* **(3m)**
(b) *felino carnívoro* **(3m)**
(c) *diseñó el programa* **(3m)**
(d) *razones para su disminución* **(3m)**
(e) *zonas que habitan* **(3m)**

**C. 2** **5 mharc × 3 = 15 mharc**

(a) …oibríonn siad chun iad a chosaint agus a líon a mhéadú. **(5m)**
(b) "...tá a n-ainmneacha ar eolas ag daoine". **(5m)**
(c) ...bunaíodh pobail nua. **(5m)**

**C. 3** **1 mharc × 5 = 5 mharc**

Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *sorprendente* **(1m)**
(b) *pasado* **(1m)**
(c) *principalmente* **(1m)**
(d) *el riesgo* **(1m)**
(e) *encargada* **(1m)**

**C. 4** **(3 mharc) + (2+2+2 mharc) + (2+2+2 mharc) = 15 mharc**

(a) Íslíodh an chatagóir bagartha a bhaineann leo/
mhéadaigh siad a líon agus d'fheabhsaigh siad a stádas caomhnaithe. **(3m)**

(b) **Trí cinn** díobh seo:
- níl siad mórán níos mó ná cat (tí)
- láidir
- lapaí/ cosa fada
- eireaball gearr
- cluasa neamhghnácha, le dlaoi gruaige doichte
- (meáchan) thart ar 12 chileagram
- 80 cm ar fad **(2+2+2m)**

(c) **Trí cinn** díobh seo:
- scriosadh a ngnáthóg
- bóithre a thógáil
- (níos mó) seans go leagfar duine
- laghdú sa mhéid (soláthar) bia, coinín **(2+2+2m)**

**ROINN B Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Marcáil C.5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 - 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |

| | |
|---|---|
| **LÁR**<br>Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe / gramadaí | **9 – 17 marc** |

| | |
|---|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

**Tabhair faoi deara:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

| ROINN C | IOMLÁN NA MARCANNA: 50 |
|---|---|

**Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi cheachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C**

- Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a) **agus** (b) de Cheist 1 **nó** Ceist 2 trí dhearmad, caithfear **an dá cheann** a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh **agus sin amháin.**
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.

Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.

Ceist 1: Agus an cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**Ceist 1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**

*NÓ*

**Ceist 1 (b)** **LITIR / R-PHOST** **30 marc**

- Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6m = 30 marc)**
- Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe *forbartha* agus *leathnaithe.*
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.
- Táthar ag súil le sainréim teanga cheart agus leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir / r-phost chun iomlán na marcanna a ghnóthú

Critéir do Cheist **1 (a) COMHRÁ** agus **(b) LITIR**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **6 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| **4 - 5 mharc:** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór.<br>Na briathra ceart ar an iomlán. |
| **2 - 3 mharc:** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart. |
| **1 mharc:** | Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| **0 marc:** | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**Ceist 2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
**(4 x 5 mharc = 20 marc)**

***NÓ***

**Ceist 2 (b)** **NÓTA** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad. **(4 x 5 mharc = 20 marc)**

Critéir do Cheist **2 (a) DIALANN** agus **(b) NÓTA**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 20 MARC (Marcáiltear gach pointe ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Na briathra ceart |
| **4 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal<br>Na briathra ceart ar an iomlán |
| **3 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>D'fhéadfadh go mbeadh cuid mhór earráidí ann |
| **2 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid den stór focal i gceart<br>Tá cuid mhór earráidí ann |
| **1 mharc** | Méid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl |
| **(0 marc)** | Níor cuireadh an teachtaireacht in iúl |

**AGUISÍN A hAON**

**SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE**

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid gairis taifeadta ar bhonn deacracht fhisiciúil*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air/ agus an seiceálaí seo ar siúl).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**AN SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE A CHUR I BHFEIDHM**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA**

Is i nGaeilge atá an chuid seo den pháipéar agus, dá bhrí sin, níl aon treoracha speisialta i bhfeidhm mar ní ghearrtar pionós ar mhílitriú ná ar earráidí gramadaí sa scéim marcála chaighdeánach.

**ROINN A**

<u>Rogha Litríochta</u>
C.1 Ceadaigh idir 1 agus 3 mharc.

<u>Téacs Iriseoireachta</u>
C.2 Ceadaigh idir 1 agus 4 mharc.
C.4 Ceadaigh mílitriú. Déan neamhaird d'aimsir mhícheart / ainmní mícheart le briathra. Mar sin féin, is gá a bheith intuigthe le haghaidh iomlán na marcanna.

<u>Trialacha Tuisceana Gearra</u>
Níl aon treoracha speisialta anseo. Mar an gcéanna leis an Triail Chluastuisceana.

**ROINN B**

C. 1. Ceadaigh idir 1 agus 3 mharc.
C. 3. Ceadaigh mílitriú, inscne mhícheart, an t-alt nó réamhfhocal a bheith ann nó in easnamh nuair nár cheart.
C. 5. <u>Alt tuairimíochta</u>

*Cumarsáid:* Ná lig do mhílitriú ná d'earráidí gramadaí dul i gcion ar an marc anseo. Mar sin féin, is gá a bheith intuigthe.

*Teanga:* Bronn marcanna ar stór focal agus ar chora cainte. Déan neamhshuim de mhílitriú, inscne mhícheart nó aimsir / pearsa mhícheart i gcás briathra.

**ROINN C**

Bronn marcanna ar stór focal agus ar chora cainte den chuid is mó sa roinn seo ar fad. Amhail na freagraí eile sa spriocthteanga, ní ghearrfar pionós ar litriú ná ar ghnéithe den ghramadach amhail foircinn briathra agus aontú aidiachtaí.

Leathanach Bán